



## BEARTAS TEANGA

Mar chuid dá iarrachtaí an tsoghluaisteacht agus an tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, tá foghlaim teangacha ainmnithe ag an Aontas Eorpach (AE) mar thosaíocht thábhachtach, agus tugann sé cistiú do chláir agus do thionscadail iomadúla sa réimse sin. Dar le AE, is gné thábhachtach in iomaíocht na hEorpa é an t-ilteangachas. Dá bhrí sin, ceann de chuspóirí bheartas teanga AE ná go bhfaigheadh gach saoránach Eorpach sáreolas ar dhá theanga eile sa bhreis ar a mháthairtheanga féin.

### AN BUNÚS DLÍ

San Eoraip, is cuid den saol í an éagsúlacht teanga. Is cuid lárnach den fhéiniúlacht Eorpach iad teangacha agus is iad an tslí is dirí chun cultúr a chur in iúl. In AE atá bunaithe ar an mana 'Aontaithe san éagsúlacht', is áis thábhachtach do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí agus do chuideachtaí é an cumas cumarsáid a dhéanamh i roinnt teangacha. Tá teangacha bunúsach freisin chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga a urramú san Aontas.

Is luach bunúsach de chuid an Aontais í an urraim don éagsúlacht teanga, mar aon leis an urraim don duine agus a bheith oscailte do chultúir eile. Tá an méid sin ionchorpraithe i mbrollach an Chonartha ar an Aontas Eorpach, a thagraíonn '[d'inspioráid a fháil] ó oidhreacht chultúrtha, reiligiúnach agus dhaonnach na hEorpa' agus '[cion] le prionsabail na saoirse, an daonlathais agus urramú chearta an duine [a dhaingniú]'. In Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), leagtar an-bhéim ar urramú chearta an duine agus neamh-idirdhealú, agus in Airteagal 3, luaitear go n-urramóidh AE 'saibhreas a éagsúlachta cultúrtha agus teanga'. Le hAirteagal 165(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), leagtar béim ar an bhfóras go mbeidh mar 'aidhm do gníomhaíocht an Aontais éirim Eorpach an oideachais a fhorbairt go háirithe trí theangacha na mBallstát a theagasc agus a leathadh', agus éagsúlacht chultúrtha agus teanga á hurramú aige (Airteagal 165(1) CFAE).

Le Cairt um Chearta Bunúsacha AE, arna glacadh in 2000 agus atá ceangailteach faoin dlí de thoradh Chonradh Liospóin, toirmeasctar aon idirdhealú atá bunaithe ar fhoras teanga (Airteagal 21) agus cuirtear oibleagáid ar an Aontas éagsúlacht teanga a urramú (Airteagal 22).

Leasaíodh an chéad rialachán, ó 1958, lenar cinneadh na teangacha a bheadh le húsáid ag iar-Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa<sup>[1]</sup>, tar éis aontachas ina

[1] [IO L 17, 6.10.1958, lch. 385.](#)



dhiaidh sin le AE, agus sainíonn sé teangacha oifigiúla an Aontais<sup>[2]</sup>, in éineacht le hAirteagal 55(1) CAE. Tá sé de cheart ag gach saoránach de chuid an Aontais scríobh chuig aon cheann d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais i gceann de na teangacha sin agus freagra a fháil sa teanga chéanna, de bhun Airteagal 24 CFAE.

## CUSPÓIRÍ

Tá beartas teanga AE bunaithe ar urramú na héagsúlachta teanga i ngach Ballstáit agus ar chruthú plé idirchultúrtha ar fud an Aontais. Chun urramú frithpháirteach a chur i gcleachtas, cuireann AE teagasc agus foghlaim teangacha iasachta chun cinn mar aon le soghluaisteacht gach saoránaigh trí chlár thiomnaithe don oideachas agus don oiliúint ghairmiúil. Féachtar ar inniúlacht i dteangacha iasachta mar cheann de na bunscileanna nach mór do gach saoránach AE a fháil chun a ndeiseanna oideachais agus fostaíochta a fheabhsú. Oibríonn AE freisin leis na Ballstáit chun mionlaigh a chosaint, ar bhonn Chairt Chomhairle na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Ina rannchuidiú leis an gCruinniú Mullaigh Sóisialta arna reáchtáil an 17 Samhain 2017 in Gothenburg, leag an Coimisiún amach tuairim i dtaca le 'Limistéar Eorpach Oideachais' ina mbeadh sé mar an norm roimh 2025 dhá theanga eile a labhairt, anuas ar mháthairtheanga an duine (COM(2017)0673). I ndiaidh an chruinnithe mullaigh, d'fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach i dtaca le teangacha a theagasc agus a fhoghlaim (COM(2018) 0272).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

### A. Forbairtí beartais agus tacaíocht do thaighde ar theangacha

#### 1. Inchomparáideacht na sonraí maidir le hinniúlacht teanga

In 2005, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i ndáil leis an Táscaire Eorpach maidir le hInniúlacht Teanga ([COM\(2005\)0356](#)), ar ionstraim í lena ndéanfaí inniúlacht fhoriomlán teanga a thomhas i ngach Ballstát. Leagadh amach an creat dó sin i dteachtaireacht ón gCoimisiún arna glacadh an 13 Aibreán 2007 ([COM\(2007\)0184](#)). Mar atá ráite sa teachtaireacht ón gCoimisiún ó 2005, 'is é is cuspóir don táscaire inniúlacht fhoriomlán teanga a thomhas i ngach Ballstát'. Leis an táscaire, beifear in ann a shuí freisin ar éirigh leis na bearta arna ndéanamh chun an fhoirmle i dtaca le 'máthairtheanga + dhá theanga eile' a bhaint amach, a bhúí leis na sonraí inchomparáide maidir le hinniúlacht teanga i ngach Ballstát. Bunaíodh bord comhairleach agus chuir sé na torthaí ó chéad suirbhé ar fáil in 2011, lenar léiríodh an gá atá ann le straitéis i dtaca le foghlaim teangacha i scoileanna a chuirfear chun feidhme ar bhealach níos fearr.

#### 2. ECML agus Mercator

Tacaíonn AE le dhá lárionad um thaighde ar theangacha: an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha (ECML) agus an Lárionad Eorpach um Thaighde ar an Ilteangachas

---

[2]Is iad 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvacais, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris.



agus ar an bhFoghlaim Teanga (Mercator). Spreagann ECML barr feabhais agus nuálaíocht i dteagasc teangacha agus cuidíonn sé le muintir na hEorpa teangacha a fhoghlaim ar bhonn níos éifeachtúla. Is iad na príomhaidhmeanna atá aige ná cuidiú leis na Ballstáit beartais i dtaca le teagasc teangacha éifeachtach a chur chun feidhme trí dhíriú ar fhoghlaim agus ar theagasc teangacha, idirphlé agus malartú deachleachtas a chur chun cinn, agus tacú le líonraí a bhaineann le cláir agus le tionscadail taighde. Is cuid de líonra de chúig lárionad taighde agus doiciméadachta é Mercator agus déanann sé speisialtóireacht i dteangacha réigiúnacha agus mionlaigh laistigh den Aontas Eorpach.

### 3. Máistreacht Eorpach san Aistriúchán

Is lipéad cáilíochta í an Mháistreacht Eorpach san Aistriúchán (EMT) do chlár aistriúcháin ollscoileanna a chomhlíonann caighdeáin ghairmiúla agus éilimh an mhargaidh atá comhaontaithe. Is é an phríomhspríoc ag EMT ná feabhas a chur ar cháilíocht na hoiliúna d'aistritheoirí agus daoine ard-oilte a spreagadh chun dul i mbun na gairme in AE. Tá EMT ag iarraidh stádas ghairm an aistriúcháin a fheabhsú in AE.

#### B. Cláir ghníomhaíochta

##### 1. Clár Erasmus+

Is é [Erasmus+](#) clár AE do chúrsaí oideachais, oiliúna, óige agus spóirt le haghaidh 2014-2020. Tá cur chun cinn na foghlama teanga agus na héagsúlachta teanga ar cheann de phríomhspríocanna an chláir. I [dTreoirleabhar Chlár Erasmus+ 2019](#) luaitear gurb é 'is aidhm ag na deiseanna a chuirtear ar bun chun tacaíocht teanga a thabhairt ná soghluaisteacht a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht foghlama agus dá bhrí sin, rannchuidiú le cuspóir sonracha an Chláir' (lch. 9). Tairgtear tacaíocht teanga trí [Thacaíocht Teanga ar Líne Erasmus+](#) i gcomhair rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta chun cuidiú leo teanga na tíre óstaí a fhoghlaim. Spreagann Erasmus+ comhar freisin ag féachaint don nuálaíocht agus do mhalartú dea-chleachtas trí pháirtnéireachtaí straitéiseacha i réimse teagaisc agus foghlama teangacha. Thairis sin, is féidir cistiú do thacaíocht teanga a sholáthar i gcás inar gá do thairbhíthe páirtnéireachtaí a eagraíonn oiliúint fhadtéarmach agus gníomhaíochtaí teagaisc do bhaill foirne, d'oibrithe don óige agus d'fhoghlaiméoirí. Tugann Clár Erasmus+ cistiú freisin do thionscadail iomadúla gach bliain chun tacú le teagasc agus foghlaim teangacha comharthaíochta, agus chun feachtas maidir le héagsúlachta teanga a chur chun cinn agus cosaint na dteangacha mionlaigh.

Rinneadh an [togra ón gCoimisiún](#) maidir le clár a thiocfaidh i gcomharbacht air (2021-2027) a fhoilsiú i mí Bealtaine 2018 ([COM\(2018\)0367](#)). I ndiaidh an chruinnithe mullaigh arna réachtáil in Gothenburg in 2017, tá sé mar aidhm leis an togra feabhas a chur ar fhoghlaim teangacha, go háirithe trí úsáid níos leithne d'uirlisí ar líne. Faoina phríomhghníomhaíocht 1, tacóidh sé le 'deiseanna foghlama teangacha, lena n-áirítear iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí soghluaisteachta'.

##### 2. Clár Eoraip na Cruithaitheachta

Faoi chuimsiú Chlár Eoraip na Cruithaitheachta, soláthraítear tacaíocht d'aistriú leabhar agus lámhscríbhinní faoin [bhfochlár Cultúir](#).



### 3. Lá Eorpach na dTeangacha

Agus spreagadh faighte acu ón rath ollmhór a bhí ar Bhliain Eorpach na dTeangacha in 2001, chinn AE agus Comhairle na hEorpa Lá Eorpach na dTeangacha a cheiliúradh gach bliain ar an 26 Meán Fómhair, le gach cineál imeachta ar siúl chun foghlaim teangacha a chur chun cinn ar fud AE. Tá an ghníomhaíocht sin ceaptha chun feasacht a mhúscailt i measc shaoránaigh na dteangacha iomadúla a labhraítear san Eoraip agus chun iad a spreagadh chun teangacha a fhoghlaim.

### 4. Lipéad na dTeangacha Eorpacha

Is duais ón gCoimisiún é [Lipéad na dTeangacha Eorpacha](#) atá ceaptha chun tionscnaimh nua i dtaca le teagasc agus foghlaim teangacha a spreagadh, chun modhanna nua teagaisc teangacha a chúiteamh, agus chun feasacht a mhúscailt maidir le teangacha réigiúnacha agus mionlaigh. Bronntar an duais ar thionscadail ó thíortha rannpháirteacha don tionscadal foghlama teanga is nuálaí, don duine is mó a bhfuil dul chun cinn déanta acu i dtaca le teangacha iasachta a fhoghlaim, agus don teagascóir teanga is fearr.

### 5. Juvenes Translatores

Gach bliain, bronnann an Coimisiún duais ‘Juvenes Translatores’ ar an aistriúchán is fearr a dhéanann dalta 17 mbliana d’aois i ngach Ballstát. Féadfaidh daltaí roghnú aistriúchán a dhéanamh ó aon teanga oifigiúil den Aontas Eorpach agus go haon teanga oifigiúil AE.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

### A. Éagsúlacht teanga

Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt ar aird go bhfuil beartas teanga iomlán ilteangach glactha ag Parlaimint na hEorpa, rud a chiallaíonn go bhfuil an tábhacht chéanna ag gach teanga AE. Aistrítear gach doiciméad parlaiminteach go gach teanga oifigiúil agus tá sé de cheart ag gach Feisire de Pharlaimint na hEorpa labhairt ina theanga nó ina teanga féin.

Ina rún an 24 Márta 2009 dar teideal ‘Ilteangachas: acmhainn don Eoraip agus gealltanas comhroinnte’<sup>[3]</sup>, d’athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a tacaíocht do bheartais AE i réimse an ilteangachais agus d’iarr sí ar an gCoimisiún bearta a tharraingt suas a mbeadh sé mar aidhm leo éagsúlacht teanga a chur chun cinn.

An 28 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa clár Eoraip na Cruthaitheachta 2021-2027<sup>[4]</sup>. San Airteagal atá tiomnaithe do chuspóirí an chláir, leagadh béim ar an bhfóras go mbeadh gá ann ‘sonraíochtaí tíortha difriúla, lena n-áirítear tíortha nó réigiúin le staid gheografach nó teanga ar leith’ a chur san áireamh. Cuireadh foráil shonrach leis freisin maidir le tacú le fotheidealú, dubáil agus tuairisciú fuaimne ar ábhar closamhairc Eorpach, chun ‘díolacháin agus imshruthú idirnáisiúnta de shaothair Eorpacha neamh-náisiúnacha ar gach ardán’ a chothú.

---

[3] [IO.C.117E.6.5.2010.1ch.59.](#)

[4] [Téacsanna a glacadh, P8\\_TA\(2019\)0323.](#)



In 2018, bhí Coiste um Chultúr agus um Oideachas Pharlaimint na hEorpa ag obair ar thuarascáil féintionscnaimh dar teideal ‘Comhionannas teanga sa ré dhigiteach – i dtreo tionscadal Teanga Daonna’, bunaithe ar [staidéar](#) den teideal céanna a tarraingíodh suas ar iarraidh ó Phainéal na Parlaiminte do Roghanna Measúnaithe Eolaíochta agus Teicneolaíochta. An 11 Samhain 2018, glacadh an rún ‘Comhionannas teanga sa ré dhigiteach’ sa suí iomlánach<sup>[5]</sup>. Sa rún sin, d’éiligh an Pharlaimint ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí le comhionannas teanga a áirithiú sa ré dhigiteach agus forbairt a dhéanamh ar straitéis láidir agus chomhordaithe i gcomhair margadh aonair digiteach ilteangach. Gach bliain ó 2007, tá [‘Duais Scannánaíochta LUX’](#) bronnta ag Parlaimint na hEorpa. Mar chuid den duais, áirítear fotheidealú na dtrí scannán bhuaiteacha in 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

## **B. Tacaíocht do theangacha mionlaigh**

An 23 Samhain 2016, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le teangacha comharthaíochta agus ateangairí gairmiúla teangacha comharthaíochta<sup>[6]</sup>. Is é a bhí mar chuspóir leis sin béim a leagan ar an bhfóras gur gá rochtain a thabhairt do shaoránaigh atá bodhar, bodhar agus dall nó a bhfuil moill éistigh orthu, ar an bhfaisnéis agus ar an gcumarsáid chéanna is atá ag a bpiaraí i bhfoirm ateangaireacht teangacha comharthaíochta, fotheidealú, teanga go téacs agus/nó foirmeacha malartacha cumarsáide, lena n-áirítear ateangairí béil. Chomh maith leis sin, aithníodh leis an rún go bhfuil foráil á déanamh ag institiúidí AE cheana maidir le hinrochtaineacht imeachtaí poiblí agus cruinnithe coistí.

In 2013, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le ‘teangacha Eorpacha atá i mbaol agus éagsúlacht teanga san Aontas Eorpach’<sup>[7]</sup>, inar iarradh ar na Ballstáit níos mó airde a thabhairt ar theangacha Eorpacha atá i mbaol agus gealltanais a thabhairt maidir le cosaint agus cur chun cinn éagsúlacht oidhreacht chultúrtha agus teanga an Aontais.

I staidéar maidir le ‘Teangacha Mionlaigh agus Oideachas: Dea-Chleachtais agus Ceapa Tuisle’, arna choimisiúnú thar ceann Choiste um Chultúr agus um Oideachas Pharlaimint na hEorpa agus arna fhoilsiú go luath in 2017, rinneadh imscrúdú ar chás na dteangacha mionlaigh san oideachas in 13 chás-staidéar.

An 7 Feabhra 2018, d’fhormheas Parlaimint na hEorpa rún maidir le cosaint agus neamh-idirdhealú i ndáil le mionlaigh i mBallstáit AE<sup>[8]</sup>. Leis an rún sin, spreagtar na Ballstáit chun a áirithiú go gcloítear leis an gceart teanga mhionlaigh a úsáid agus chun éagsúlacht teanga a chosaint san Aontas. Moltar ann urraim a thabhairt do chearta teanga i bpobail ina bhfuil níos mó ná teanga oifigiúil amháin agus iarrtar ar an gCoimisiún cur chun cinn theagasc agus úsáid teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a spreagadh.

Pierre Hériard  
05/2019

---

[5] [Téacsanna a glacadh, P8\\_TA\(2018\)0332.](#)

[6] [IO C 224, 27.6.2018, lch. 68.](#)

[7] [IO C 93, 9.3.2016, lch. 52.](#)

[8] [IO C 463, 21.12.2018, lch. 21.](#)

